Foras na Gaeilge

# LEABHRÁN EOLAIS

## Eagarthóir Cúnta
## Painéal Sealadach

## An Gúm

## Tag: EAGC/0223

# EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**

Tá painéal d'Eagarthóirí Cúnta á chur le chéile as a líonfar folúntais shealadacha as seo go ceann dhá bhliain ach acmhainn a bheith ann chuige sin. Tá folúntas go dtí deireadh 2023 á thairiscint faoi láthair agus is féidir go mbeidh síneadh ama i gceist leis an tréimhse de réir riachtanas.

Is in oifigí Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath a bheidh an té a cheapfar sa phost lonnaithe. Tá polasaí maidir le hobair chumaisc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge ag tá féidearthachtaí ann cuid den tseachtain oibre a chur i gcrích ó chian faoin bpolasaí sin.

**Sochair**

Baineann téarmaí agus coinníollacha an phoist seo le ceapachán mar Eagarthóir Cúnta (Sealadach) (Innealtóir Grád III) sa Ghúm, Foras na Gaeilge.

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo ná €37,039 go €69,452.
D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
**Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála.*

- Feidhmiú an phainéil: Mairfidh an painéal ar feadh dhá bhliain (Meitheamh 2023 – Meitheamh 2025). Iarrthóirí a n-éiríonn leo áit a bhaint amach ar an bpainéal déanfar conarthaí sealadacha a thairiscint dóibh de réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn. Sa chás go ndéantar post a thairiscint d'iarrthóir agus nach féidir leis an duine sin glacadh leis an tairiscint, déanfar an post a thairiscint don chéad duine eile ar an bpainéal san ord inar cháiligh siad.

- Faoi láthair tá folúntas ann a mhairfidh go dtí deireadh 2023 agus beidh an post sin le tosú i mí an Mheithimh 2023. Is féidir go mbeidh síneadh ama i gceist leis an tréimhse de réir riachtanas.

- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear a bheith i láthair 40 uair (i seachtain cúig lá). Ceadaítear uair an chloig don lón;

- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo;

- Saoire Bhliantúil: 25 lá (ag dul suas go 29 lá tar éis 5 bliana agus 30 lá tar éis 10 mbliana) agus laethanta saoire poiblí;

- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;

- Pinsean: Mar atá ceadaithe ag an CATT;

- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;

- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.

- Saoire Thuismitheoireachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am.

- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéid;

- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;

- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh na Ranna Urraíochta sa dá dhlinse;

- Cód Iompraíochta: Mar a fhaomhfaidh an CATT;

*D'fhéadfaí na coinníollacha thuas a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartais an Rialtais.*

**Ginearálta**

Tá na hoifigigh faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann "North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999" agus Airt.1 de "The British-Irish Agreement Act 1999."

2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasaíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

**An Próiseas Roghnóireachta**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF/JPG den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12pm meán lae, Dé hAoine, an 5 Bealtaine 2023 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta, tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha faoi na hinniúlachtaí agus taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach agus inmhianaithe; tá cur síos orthu sin sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí sin a fuair siad san obair a rinne siad ar na mallaibh lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir riachtanacha agus inmhianaithe le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Iad siúd a n-éireoidh leo sa chéad chéim sin den phróiseas roghnóireachta, iarrfar orthu dul faoi scrúdú scríofa. In oifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliatha bheidh an scrúdú sin ar siúl. 3 uair an chloig a mhairfidh an scrúdú agus ní bheidh cead aon fhoinsí clóite ná ar líne a úsáid. Tá i gceist go mbeadh an scrúdú ar siúl sa dara leath de mhí na Bealtaine.

Na hiarrthóirí sin a bhainfidh an marc cáilithe amach sa scrúdú, tabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Tá i gceist go mbeadh na hagallaimh ar siúl ag deireadh mhí na Bealtaine nó tús mhí an Mheithimh. In oifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath a bheidh na hagallaimh sin ar siúl.

## SAINCHUNTAS POIST

**Teideal an Phoist:** Eagarthóir Cúnta, an Gúm

**Freagrach do:** Eagarthóir, an Gúm

**Próifíl an Phoist:** Freagrach as téacsanna a réiteach, a chur in eagar agus ullmhú don chló

## PRÍOMHCHÚRAIMÍ

Cúraimí Straitéiseacha

- Obair eagarthóireachta agus chomhordaithe a dhéanamh ar thionscadail foilsitheoireachta de réir mar a iarrfar air nó uirthi.

Cúraimí Oibríochtúla

- Obair aistriúcháin agus/nó eagarthóireachta a dhéanamh ar théacsanna agus iad a chur faoi bhráid an Eagarthóra a mbíonn sé/sí ag obair leis/léi.
- Pointí eagarthóireachta agus teanga a tharraingt anuas agus a phlé go mion leis an Eagarthóir.
- Profaí a léamh agus a cheartú de réir mar is gá.
- Comhairle teanga a chur ar údair agus aistritheoirí de réir mar is gá.
- Sceideal iomlán tionscadail foilsitheoireachta a eagrú i gcomhar leis an Eagarthóir.
- Maisiú, dearadh agus leagan amach foilseachán a eagrú.
- Plé a dhéanamh leis an Oifigeach Teicniúil, leis na dearthóirí agus na clódóirí i dtaobh gnéithe teicniúla den phróiseas foilsitheoireachta.
- Teagmháil agus plé a dhéanamh le foilsitheoirí comheagráin thar lear i dtaca le sceidealú foilseachán.

Cúraimí Airgeadais

- Táillí a mholadh le haghaidh obair aistriúcháin, eagarthóireachta agus deartha.

Cúraimí Pearsanra

- Tuairisciú don Eagarthóir ar chur i gcrích aidhmeanna foirne.

Cúraimí Cumarsáide

- Freastal ar chruinnithe eagarthóireachta agus ar chruinnithe foirne go rialta.
- Cruinnithe a eagrú de réir mar is gá le húdair, le haistritheoirí agus le maisitheoirí.
- Freastal ar chruinnithe le páirtithe leasmhara de réir mar is gá.
- Eolas faoi thionscadail oibre a sholáthar le haghaidh poiblíochta de réir mar is gá.

**<u>An Gúm</u>**

Cuireann an Gúm foilseacháin agus áiseanna ar fáil a thacaíonn leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge i gcoitinne. Téacsleabhair agus áiseanna scoile agus ábhar léitheoireachta don aos óg is mó a fhoilsítear. Beidh an té a cheapfar ag obair mar bhall den fhoireann eagarthóireachta a bhíonn ag réiteach na bhfoilseachán sin don chló.

***Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.***

## <u>SONRAÍOCHT FAOIN PHEARSA</u>

**<u>Critéir Riachtanacha</u>**

- Bunchéim onóracha sa Ghaeilge, nó a hiontamhail[1], ó institiúid oideachais aitheanta tríú leibhéal.
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, lena n-áirítear ardtuiscint agus mioneolas ar ghramadach na Nua-Ghaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil.
- Tuiscint mhaith ar phríomhchanúintí na Gaeilge.
- Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa, agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.

**<u>Critéir Inmhianaithe</u>**

- Taithí aistriúcháin agus eagarthóireachta.
- Scileanna i ndearadh agus leagan amach foilseachán.
- Eolas ar áiseanna oideachais.

[1] Mar shampla, B.Oid, M.Oid nó cáilíocht eile ag leibhéal máistreachta a rinneadh trí mheán na Gaeilge.